



8 Eanáir 2021

A Phríomhoide, a chara,

Ba é cinneadh an rialtais, a glacadh ar an 6 Eanáir, de bhun comhairle Sláinte Poiblí chun soghluaiseacht sa phobal a laghdú, scoileanna a dhúnadh d'fhormhór mór na mac léinn ar feadh tréimhse trí seachtaine. Rinne an rialtas cinneadh tosaíocht a thabhairt do theagasc agus d'fhoghlaim phearsanta do dhá ghrúpa ar leith; daltaí/mic léinn atá ag freastal ar scoileanna agus ranganna speisialta agus mic léinn Ardteistiméireachta na bliana deiridh. Thacaigh an chomhairle sláinte poiblí atá ar fáil don rialtas leis an gcinneadh seo.

Bhí rannpháirtíocht leanúnach le comhpháirtithe oideachais ar an ábhar seo ó Dé Luain, ag tógaint ar rannpháirtíocht sheachtainiúil idir comhpháirtithe agus Sláinte Poiblí i rith na scoilbhliana. In ainneoin an dearbhaithe ó Shláinte Phoiblí go bhfuil scoileanna sábháilte, ar an drochuair níorbh fhéidir teacht ar chomhaontú chun foghlaim phearsanta a sholáthar do na grúpaí seo.

Faoi mar a sheasann cúrsaí, níl aon rogha eile ann ach an t-athoscailt theoranta a chur ar sos ar an Luan, faoi réir tuilleadh rannpháirtíochta.

Tuigeann an Roinn go bhfuil iarmhairtí díobhálacha ag dúnadh scoileanna ar leibhéal duine aonair, an teaghlaidh agus na sochaí. I gcás leanaí, bíonn tionchar aige ar fholláine, ar fhoghlaim agus ar fhorbairt shóisialta agus mhothúcháin.

Bíonn tionchair shuntasacha ag dúnadh na scoile ar leanaí le riachtanais oideachais speisialta. Cuireann dúnadh scoile inní na mac léinn chun cinn, go háirithe do mhic léinn Ardteistiméireachta, maidir le scrúduithe stáit.

Tá sé tábhachtach a bheith san airdeall go leanann tuairim FNÉSP (NPHET) gur timpeallachtaí riosca íseal iad scoileanna.

Tá an litir seo ann chun tú a chur ar an eolas faoi na socruithe, na riachtanais agus na hacmhainní chun tacú le cianfhoghlaim do dhailtaí/scoláirí.

Le linn an ama seo, éilítear ar gach múinteoir, Múinteoirí Oideachais Speisialta (MOSanna) san áireamh, cianteagasc a sholáthar do gach dalta/scoláire atá acu sa rang/ábhar-ghrúpa nó ar a riar cásanna.

Soláthar don Chianfhoghlaim

Léirigh na srianta sláinte poiblí a bhí mar chúis le dúnadh scoileanna i Márta 2020 an géarghá atá le scoileanna a bheith gasta agus iad ag soláthar do leanúnachas scolaíochta sa toadhchá. Mar bheart teagmhasach maidir leis an bhféidearthacht go ndúnfaí scoileanna i bpáirt nó go hiomlán, tá sraith ábhar treorach curtha ar fáil cheana féin ag an Roinn, a comhaontaíodh leis na comhpháirtithe oideachais, le cur ar chumas scoileanna an curaclam a chur i láthair go sábháilte, i gcomhthéacs COVID-19, do



gach dalta/scoláire. Eisíodh na hábhair treorach sin chuig scoileanna agus lárionaid oideachais de réir mar a foilsíodh iad agus tá siad ar fáil ag gov.ie agus ag na naisc seo a leanas.

- [Treoir maidir le Cianfhoghlaim i gComhthéacs COVID-19: Meán Fómhair-Nollaig 2020 Do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta](#)
- [Treoir maidir le Cianteagasc agus Cianfhoghlaim Éigeandála i gComhthéacs COVID-19 D'iar-bhunscoileanna agus lárionaid oideachais.](#)

Tá na cáipéisí seo ann mar chomhlánú ar [Ciorclán 0074/2020](#) inar iarradh ar gach scoil bearta teagmhasacha cuí a chur i bhfeidhm lena dheimhniú go bhfuil siad ullmhaithe chun leanúint le teagasc agus foghlaim a thacú má tharlaíonn go ndúntar scoileanna i bpáirt nó go hiomlán mar thoradh ar chomhairle Sláinte Poiblí.

Tá sé ríthábhachtach go dtacófar le foghlaim gach dalta/scoláire ag an am seo, go háirithe iad siúd le riachtanais speisialta oideachais (RSO) agus iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus/nó luathfhágáil na scoile. Rachaidh Seirbhísí Tacaíochta Oideachais TUSLA i dteagmháil le príomhoidí chun nascacht le scoileanna a chur chun cinn do leanaí atá i mbaol mhíbhuntáiste oideachais agus beidh idirchaidreamh díreach ag oifigigh leasa oideachais le hionaid chóiríochta Soláthar Díreach, tearmainn do theaghligh atá ag fulaingt foréigin teaghligh agus moil gan dídean chun chintíú go bhfuil scoláirí nasctha lena gcuid scoileanna. Eiseofar treoir nuashonraithe maidir le tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais do scoileanna an tseachtain seo.

Tá na riachtanais seo a leanas maidir le cianteagasc agus cianfhoghlaim gach dalta/scoláire thar a bheith tábhachtach:

- **Teagmháil go rialta le daltaí/scoláirí:** Tá sé tábhachtach go mbíonn múinteoirí i dteagmháil lena ndaltaí/scoláirí; i suíomh bunscoile ba chóir go dtarlódh sé seo go laethúil, go hidéalach; i gcomhthéacs iar-bhunscoile ba chóir do mhúinteoirí, a mhéid is féidir, a bheith i dteagmháil le scoláirí de réir ghnáth-amchlár na scoile.
- **Cumasc de thascanna/eispéiris foghlama treoraithe agus neamhspleách:** Ba chóir go mbeadh teagasc go díreach ón múinteoir mar aon le tascanna foghlama neamhspleácha a thugtar do dhaltaí/scoláirí i gceist sa teagmháil idir múinteoirí agus daltaí/scoláirí.
- **Deiseanna foghlama cuí agus spreagúla:** Ba chóir do mhúinteoirí a dheimhniú go dtugann na tascanna foghlama a roghnaítear deis do dhaltaí/scoláirí a bhfuil foghlamtha acu a léiriú ar bhealach soiléir gonta.
- **Tascanna foghlama:** Ba cheart na tascanna a roghnaítear a ailíniú go sonrach le riachtanais an dalta/scoláire, lena n-áirítear daltaí/scoláirí a bhfuil RSO acu, agus ba cheart go gcuirfidís ar chumas an mhúinteora monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus aiseolas cuiditheach, forbartha a thabhairt chun tacú leis na chéad chéimeanna eile dá gcuid foghlama.



- **Aiseolas déthreo idir an baile agus an scoil:** Ba chóir do scoileanna a dheimhniú go spreagtar agus go dtacaítear le haiseolas déthreo idir múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí agus idir múinteoirí agus a ndaltaí/scoláirí. Ba chóir do scoileanna deiseanna indéanta agus inrochtana a sholáthar do gach dalta/scoláire chun samplaí dá gcuid oibre a roinnt go rialta leis an múinteoir/na múinteoirí gach seachtain. Ba chóir do mhúinteoirí a dheimhniú go gceartaítear an obair a fhaightear agus go dtugtar aiseolas ábhartha.
- **Tacaíocht do dhaltai/scoláirí le RSO:** Ba chóir do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta (MOSanna) leanúint le teagmháil a bheith acu leis na daltaí/scoláirí atá acu ar a riar cásanna agus ba chóir do mhúinteoirí ranga/ábhair idirdhealú a dhéanamh sa teagasc agus san fhoghlaim de réir riachtanais a ndaltaí/scoláirí chun an cur isteach ar fhoghlaim agus ar dhul chun cinn a íoslaghdú.

Tabhair faoi deara le do thoil, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim daltaí/scoláirí a dheimhniú, go mbeidh cead ag múinteoirí taisteal agus freastal ar a n-áit oibre chun leanúnachas teagaisc agus foghlama a sholáthar murar féidir leo é sin a dhéanamh óna mbaile agus go leanann rochtain ar fhoirgnimh scoile don teagasc agus don fhoghlaim agus do sheirbhísí riachtanacha eile. Áirítear leis seo béilí scoile a sholáthar. Cuimsíonn sé scoileanna freisin ina mbeidh seirbhísí cúram leanaí do leanaí oibrithe riachtanacha agus leanaí leochaileacha le fanacht oscailte.

Ba cheart socrúithe a dhéanamh chun leabhair a bhailiú a luaithe agus is féidir. Ba cheart amanna a chur ar fáil do thuismitheoirí/scoláirí chun é seo a dhéanamh go sábháilte.

Ina theannta sin, b'fhéidir go mbeidh sé deacair ar theaghlaigh áirithe sa scoil gléasanna digiteacha oiriúnacha a bheith acu. Féadfaidh scoileanna socrúithe a dhéanamh chun gléasanna a thabhairt ar iasacht do dhaltai/scoláirí le húsáid sa bhaile le linn na tréimhse dúnta. Iarrtar ort freisin a dheimhniú go mbíonn fáil ag gach múinteoir i do scoil ar an teicneolaíocht dhigiteach riachtanach chun tacú le cianfhoghlaim dhaltai/scoláirí.

Má tá cónaí ar roinnt daltaí/scoláirí i gceantair nach bhfuil infreastruchtúr idirlín maith acu, ba cheart breathnú maidir le straitéisí eile a úsáid ar nós seirbhísí poist, glaonna gutháin nó ríomhphoist a úsáid mar bhealach cumarsáide leis na daltaí/scoláirí sin.

Beidh tú ar an eolas gur chuir an Roinn tacaíochtaí eile ar fáil i bhfoirm maoiniú ar leith agus forbairt ghairmiúil múinteoirí le cur ar chumas scoileanna soláthar a dhéanamh don chianteachas agus don chianfhoghlaim:

- Thar thréimhse chur i bhfeidhm an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 Teagasc, Foghlaim agus Measúnú a Fheabhsú, tá €210m eisithe chuig scoileanna trí mhaoiniú Deontais TFC, lena n-áirítear €100m i rith 2020.



- Tá raon ábhar forbartha ag foireann Teicneolaíochtaí Digiteacha na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) chun cuidiú le múinteoirí ardán ar líne a úsáid chun teagasc, foghlaim agus measúnú a thacú. Féadfaidh scoileanna iarratas a dhéanamh chuig an PDST freisin chun comhairleoir PDST a rochtain.
- Tá raon tacaíochtaí ar fáil ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ó An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Ionaid Oideachais agus Lárionad Ceannaireachta Scoile.
- Leanfaidh Cigireacht na Roinne ag cur seirbhís chomhairleach ar fáil do scoileanna chun tacú le cianfhoghlaim a sholáthar agus chun cúnamh a sholáthar do cheannairí scoile ach go háirithe. Chomh maith le sin, déanfaidh an chigireacht meastóireacht agus tuairisciú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais do dhaltáí/mhic léinn agus leanfaidh siad ar aghaidh leis an obair atá leagtha amach in imlitreachta 40/2020 agus 41/2020.

Choinnigh roinnt soláthraithe teileachumarsáide an rátáil nialais ar láithreáin ghréasáin oideachais a cuireadh i bhfeidhm le linn na chéad tréimhse de dhúnadh scoileanna agus tá raon pacáistí sonraí soghluaiste neamhtheoranta ar fáil ag an margadh.

Socruithe do scoileanna speisialta agus ranganna speisialta

Déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) cumarsáid dhíreach le scoileanna maidir leis an raon tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna speisialta agus do scoileanna a bhfuil ranganna speisialta acu. Is féidir le scoileanna leanúint ar aghaidh ag baint leas as tacaíocht: <https://ncse.ie/school-support>. Le linn na tréimhse seo tá an NCSE ag bunú líne theileafóin tiomnaithe inar féidir le múinteoirí i scoil speisialta nó i rang speisialta labhairt go díreach le comhairleoir. Is í an uimhir theileafóin nua seo 01 603 3233.

Tacaíochtaí do dhaltáí/scoláirí agus do scoileanna

Ba chóir go leanfaí de thacaíochtaí treorach a chur ar fáil do gach scoláire ar an mbealach is iomchuí dar leis an scoil.

Rinne formhór na scoileanna a bhaineann leas as an gclár béile scoile socruithe lena chinntiú go raibh rochtain leanúnach ag daltaí ar bhéilí scoile le linn na tréimhse dúnta scoile a tharla cheana. Oibreoidh an Roinn go dlúth leis an Roinn Cosanta Sóisialta agus le scoileanna atá i gceist lena dheimhniú go leanfar leis an gclár béile scoile sa tréimhse seo freisin.

Mar atá luaite thuas, is í an chomhairle ón Foireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí gur timpeallachtaí riosca íseal iad scoileanna; rinneadh an cinneadh bogadh go



cianfhoghlaim, le roinnt eisceachtaí, chun cuidiú le gluaiseacht líon mór den daonra a laghdú go laethúil agus cuidiú dá réir le scaipeadh an víris a chosc.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go meastar gur oibríthe riachtanacha iad baill foirne oideachais maidir le cúram leanaí, agus dá bhrí sin, baineann socruithe cúram leanaí maidir le hoibríthe riachtanacha le baill foirne sa tréimhse ama seo. Is féidir tuilleadh sonraí maidir leis na socruithe seo a rochtain anseo:

<https://www.gov.ie/ga/preasraitis/f64cc-resumption-of-the-pre-school-programme-postponed-and-childcare-services-to-remain-open-for-the-children-of-essential-workers-and-vulnerable-children-only-until-01-february/>

Folláine

Níl an tréimhse seo éasca do dhaltai/scoláirí, múinteoirí ná a dteaghlaigh. Is féidir baill foirne, mic léinn agus a dteaghlaigh a bhfuil deacrachtaí an-dúshlánacha acu a threorú, de réir mar is cuí, chuig na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil ag gov.ie/ga/campaign/together/ nó chuig na hacmhainní agus na tacaíochtaí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí nó na Seirbhísí Síceolaíochta Oideachais Náisiúnta (SNSO), Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT) nó an Clár Cúnaimh agus Folláine d'Fhostaithe. Féadfaidh scoileanna dul i gcomhairle freisin le SNSO maidir le riachtanais acadúla, shóisialta agus mhothúchánach a ndaltai/scoláirí.

Déanfar na hacmhainní a fhorbraíonn síceolaithe NEPS chun tacú le mic léinn agus le tuismitheoirí a scaipeadh agus a chur chun cinn go díreach trí na meáin shóisialta sa tréimhse amach romhainn.

Tá treoir maidir le folláine foirne ar fáil [anseo](#) mar aon le sonraí faoi Sheirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Roinne agus líne chabhrach rúnda Saorghlao, arna soláthar ag Spectrum Life faoin mbratach 'Wellbeing Together: Folláinne Le Chéile' agus ar fáil don fhoireann uile.

Tionscadail chothabhála agus tógála scoileanna

De réir réasúnaíocht bhunúsach na mbeart breise sláinte poiblí a fógraíodh, níor cheart d'údarais scoile tabhairt faoi aon oibreacha cothabhála/tógála neamhriachtanacha ag an tráth seo (lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfadh a bheith beartaithe faoi mhaoiniú deontais mionoibreacha).

Dearbhaíonn an Roinn Oideachais, de réir chinneadh an Rialtais agus dá bhforáiltear faoi I.R. Uimh.4 de 2021, gur féidir leanúint le tógáil nó forbairt áiseanna riachtanacha ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile, lena n-áirítear tionscadail tógála scoile, a sholáthraíonn cóiríocht bhreise do mhic léinn nó a bhaineann le hoibreacha cothabhála/ athchóirithe riachtanacha a thacaíonn le soláthar leanúnach an oideachais.



Cúrsaí Áirithe an Fhostaí

Cinntíonn an Roinn go mbeidh na socrúithe a bhaineann le cúrsaí áirithe an fhostaí le linn dhúnadh na scoileanna sa bhliain 2020, agus a míníodh cheana ag na comhpháirtithe oideachais, i bhfeidhm chomh maith le linn dhúnadh na scoileanna ag tosú Eanáir 11. Tá na socrúithe a bhaineann le hearcaíocht agus le maoirseacht a míníodh cheana, chomh maith leis na forálacha a bhaineann le Ciorcláin 49/2020, 50/2020 agus 54/2020, fós i bhfeidhm d'fhostaithe atá ag freastal ar an áit oibre. Coimeádfar ar an eolas tú sa ghnáth bhealach má tá aon athruithe. Moltar gan iarratais a bhaineann le saoire atá ceadaithe ag an údarás bainistíochta cheana a chur ar ceal a ghlacadh ach amháin i gcúinsí eisceachtúla i gcomhréir le téarmaí na scéime saoire i gceist agus nuair nach socraíodh go raibh múinteoir ionaid le teacht isteach chun an saoire sin a chlúdach.

Gabhaim buíochas leat as do thacaíocht go leanúnach d'oideachas gach dalta/scoláire sna seachtainí atá le teacht.

Le dea-mhéin,

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta